Comhairle AE

PRESS GA

**PREASEISIÚINT**
415/17
26/06/2017

# Éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh a bhaint amach: dul chun cinn a áirithiú i leith spriocanna an Aontais i dtaca leis an aeráid agus an bhfuinneamh

Chomhaontaigh an Chomhairle a seasamh inniu maidir le togra le haghaidh treoir athbhreithnithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Leis an gcomhaontú sin, beifear in ann tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, faoi choimirce Uachtaránacht na hEastóine.

Is é príomhchuspóir na treorach a bheartaítear feabhas a chur ar na forálacha atá ann cheana agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceannspriocanna AE 2020 agus spriocanna aeráide agus fuinnimh AE 2030.

Meastar gur foinse fuinnimh í an éifeachtúlacht fuinnimh í féin. Rachaidh méadú na héifeachtúlachta fuinnimh chun leas an chomhshaoil, laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa, tiocfaidh feabhas ar an tslándáil fuinnimh, laghdófar na costais fuinnimh a ghearrtar ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí, cabhrófar le laghdú na bochtaineachta fuinnimh agus cuirfear le fás agus poist.

Is iad príomheilimintí na treorach athbhreithnithe:

- **Sprioc fhoriomlán éifeachtúlacht fuinnimh AE** de 30% a bhaint amach
- **Oibleagáid de 1.5% ó thaobh coigiltis fuinnimh a bhaint amach**, a laghdófar go dtí 1% don tréimhse 2026-2030, mura dtugtar le fios in athbhreithniú meántéarma 2024 nach bhfuil an tAontas chun a chuid spriocanna a bhaint amach
- D'fhéadfadh gníomhaíochtaí fadtéarmacha aonair a bheith incháilithe i dtaca le hoibleagáid an choigiltis fuinnimh a chomhlíonadh
- Aithneofar bearta malartacha mar bhearta atá comhionann le scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh
- Beidh an deis ann cuid den fhuinneamh inathnuaite a ghinfear ar an láthair a áireamh sna coigiltis a mbainfear amach sa tréimhse 2020-2030
- Beidh sé d'oibleagáid bochtaineacht fuinnimh a chur san áireamh nuair a cheapfar bearta nua
- Beidh forálacha méadraithe agus billeála níos fearr ann a bheidh chun leas úsáideoirí deiridh téimh agus fuaraithe

> "Tá an-áthas orainn gur éirigh linn teacht ar chomhaontú maidir leis an reachtaíocht thábhachtach seo, a bhí ina tosaíocht don Uachtaránacht againn. Is gné ríthábhachtach í an éifeachtúlacht fuinnimh d'aistriú rathúil na hEorpa ó thaobh fuinnimh de. Beifear in ann, dá bharr, dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an phacáiste le haghaidh fuinneamh glan"
>
> *Joe Mizzi, Aire Fuinnimh agus Bainistithe Uisce Mhálta*

## Cúlra

Leis an togra ón gCoimisiún maidir le héifeachtúlacht fuinnimh déantar Treoir 2012/27/AE mar atá faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta. Ba i mí na Samhna 2016 a thíolaic an Coimisiún í. Cumhdaítear an togra sa **Phacáiste um Fhuinneamh Glan**, an uirlis le haghaidh cur chun feidhme straitéis an aontais fuinnimh, agus is pacáiste leathan é sin.

Is é an aidhm ghinearálta atá leis an straitéis féachaint le dícharbónú gheilleagair an Aontais a bhaint amach faoi 2030 agus ina dhiaidh freisin, agus an fás eacnamaíoch, cosaint tomhaltóirí, an nuálaíocht agus an t-iomaíochas á neartú san am céanna.

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach, i mí Dheireadh Fómhair 2014, leagadh síos sprioc tháscach de mhéadú 27% ar a laghad a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh ar leibhéal an Aontais in 2030. Is ceart an sprioc sin a athbhreithniú faoi 2020 i bhfianaise leibhéal de 30% a bheith beartaithe don Aontas.

- Cur chuige ginearálta
- An togra ón gCoimisiún
- Straitéis an Aontais Fuinnimh
- Creat aeráide agus fuinnimh 2030

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press